Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/2947

27.11.2024

**CINNEADH (AE) 2024/2947 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 19 Samhain 2024**

**lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Ríocht na hÍsiltíre, de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó Rialtas na hÍsiltíre,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 28 Márta 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2023/713 ([2]) lena gceaptar comhalta agus beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Ríocht na hÍsiltíre, de Choiste na Réigiún.

(3) Tá suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Jeroen Bastiaan DIEPEMAAT a cheapadh.

(4) Mhol Rialtas na hÍsiltíre, ar bhonn sainordú náisiúnta éagsúil, Jeroen Bastiaan DIEPEMAAT, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Burgemeester van de gemeente Losser* (Méara Bhardas Losser), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Jeroen Bastiaan DIEPEMAAT, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Burgemeester van de gemeente Losser* (Méara Bhardas Losser), (athrú sainordaithe), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Samhain 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

BÓKA J.

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13 (ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/852/oj).
([2]) Cinneadh (AE) 2023/713 ón gComhairle an 28 Márta 2023 lena gceaptar comhalta agus beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Ríocht na hÍsiltíre, de Choiste na Réigiún (IO L 93, 31.3.2023, lch. 94, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/713/oj).